# FÓGRA LÁITHREÁIN

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)**
**Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) - Cuid 8**

**Iarratasóir:** Seirbhísí Tithíochta agus Pobail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

**Suíomh:** Láithreán c 0.77 ha ag, láithreán iar-Eaglais Theachtaireacht an Angil ar Bhóthar Dhroichead Chairdif, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11

**Togra:** De bhun na gceanglas a bhaineann leis an méid thuasluaite, tugtar fógra leis seo maidir le 110 áitreabh cónaithe ar láithreán c.0.77 ha ag iar-Eaglais Theachtaireacht an Aingil ar Bhóthar Dhroichead Chairdif, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11, ina mbeidh an méid seo a leanas i gceist:

- Bloc árasán amháin idir 4 go 5 stór, ina mbeidh:
    - 110 aonad cónaithe (106 árasán ina mbeidh 1 seomra leapa agus 4 cinn ina mbeidh 2 sheomra leapa); agus
    - 434 méadar cearnach d'áiseanna pobail, ealaíon agus cultúrtha.
- 15 spás páirceála do charranna agus 87 spás do rothair.
- 935 méadar cearnach de spás oscailte agus 609 méadar cearnach de spás oscailte comhroinnte.
- Rochtain amháin d'fheithiclí agus do choisithe agus rochtain thiomanta amháin do choisithe as Bóthar Dhroichead Chairdif.
- Cóireálacha teorann, soilsiú poiblí, oibreacha draenála láithreáin, dromchlú bóithre inmheánacha agus cosán, seomraí méadair BSL, seomraí gléasra, stóráil araidí agus rothar, tírdhreachú; agus
- Gach seirbhís choimhdeachta láithreáin agus oibreacha forbartha os cionn talún agus faoin talamh.

Rinneadh Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Threoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) ar an togra agus scagthástáil maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta faoi Threoir MTT 2011/92/AE, arna leasú ag Treoir 2014/52/AE.

I gcomhréir le hAirteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, tá cinneadh déanta ag an Údarás Pleanála agus táthar den tuairim go:

(a) Ní dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá beartaithe, ina haonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, ar shuíomh Eorpach ná ar shuíomhanna Eorpacha, agus mar sin de, níl gá le Céim 2 de Mheasúnacht Chuí.
(b) Níl aon dóchúlacht cheart ann go n-imreoidh an fhorbairt atá beartaithe tionchar suntasach ar an timpeallacht agus nach bhfuil an fhorbairt atá beartaithe de chaighdeán atá leagtha amach faoi Sceideal 5 de Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001, arna leasú, agus mar sin níl gá le Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (EIAR).

Is féidir le haon duine, laistigh den tréimhse 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh ar an mBord Pleanála deimhniú scagthástála a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht atá ann go n-imreodh an fhorbairt tionchar suntasach ar an timpeallacht.

Féadfar Pleananna agus Mionsonraí na forbartha atá molta a iniúchadh, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ar feadh tréimhse **4 seachtaine** ón 19/07/2024, le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Cuntar Poiblí, An Rannóg Pleanála agus Forbartha Maoine, Bloc 4, Urlár na Talún, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, Luan - Aoine 9.00am go 4.30pm. Tá na pleananna agus na sonraí ar fáil freisin lena n-iniúchadh ar líne: https://consultation.dublincity.ie ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie

Is féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt mholta, a bhaineann le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe den cheantar ina mbeadh an fhorbairt suite a dhéanamh, i scríbhinn, leis an mBainisteoir Feidhmiúcháin, an Rannóg Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, roimh 4.30pm ar an **02/09/2024**.

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a chur isteach ar líne https://consultation.dublincity.ie ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie roimh 23.59 **ar an 02/09/2024.**